



comhar caomhán teoranta

Inis Oírr, Árainn, Cuan na Gaillimhe.

NUACHTLITIR DEIREADH FÓMHAIR 2015

An Chéibh

Is deá-scéala iontach don oiléan go bhfuil togra na céibhe ceadaithe. Tá €8 milliún leagtha amach don togra seo faoin bplean caipitil - **Infrastruchtúr agus Infheistíocht Chaipitiúil 2016-2021** - An Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá cead pleanála iomlán don chéibh faighte ó 2007 agus tá mapa don phlean le feiceáil in oifigí an chomhar-chumainn.

An Aersheirbhís

Is cúis áthais do mhuintir na n-oileán go bhfuil conradh bliana faighte ag an aersheirbhís. Tá súil againn cruinniú a bheith leis an Aire Stáit Joe McHugh go luath chun tuilleadh plé a dhéanamh ar an thodhchaí an seirbhís aeir. Tá ionadaithe ón gCoiste Cosanta na Aerseirbhíse ag iarraidh go mbeidh páirt lárnach acu ar an gCoiste Stiúrtha don chéad tairiscint eile. Chuige sin tá sé i gceist ag an gCoiste dréacht conradh tairisceana a réiteach le cur os comhair an Aire agus Roinn na Gaeltachta roimh an gcéad phróiseas eile.

An Míle Órga

Tá iarratas déanta ag an gcomharchumann i gcomhar le Scoil Chaomháin ar an gcomórtas **Míle Órga na Gaillimhe**. Sé an míle bóthair atá i gceist ná ó Chnoc Raithní suas an Suíochán, síos thar an bPinniúr agus soir go dtí An Loch. Beidh na moltóirí ag siúl an bóthar seo roimh dheireadh na míosa.

An Trá Glan

Tá an dá thrá istigh ar an gcomórtas Trá Glan na Gaillimhe, sé sin, an Trá agus Trá Pholl na gCaorach. Tá an moltóireacht seo ar siúl faoi láthair.

Cúrsa Garchabhair

Beidh cúrsa Garchabhair ar siúl sa gcomhar-chumann ar an **13-15 Samhain**. Tabharfar tús áite do na daoine a raibh a n-ainm istigh acu. Cuir ar an eolas muid le do thoil muna mbeidh tú in ann freastal. Tá costas ag baint leis an gcúrsa seo.

Cúrsa Spraeáil

Tá súil againn cúrsa spraeáil a chur ar siúl in oifigí an chomharchumainn go luath. As seo amach, teastóidh teastas uait le sprae a cheannacht agus a chuir ar fhataí.

Má tá suim agat sa chúrsa seo, fág d'ainm in oifigí an chomharchumainn roimh **23 Deireadh Fómhair** le do thoil.

Ranganna Gaeilge

Tá ranganna Gaeilge ar siúl sa gcomharchumann faoi láthair. Tá an rang do thosaitheoirí ar siúl ag 7.30 i.n oíche Dé Céadaoin agus an ciorcal comhrá ag 8.30 i.n.

Sí Máire Uí Dhufaigh atá i mbun na ranganna seo agus is féidir tuilleadh eolas a fháil ó oifig an chomharchumainn.

Folúntas ar an Scéim Fás

Tá folúntas i gcóir comhordaitheoir tionscadail ar an Scéim Fás in Inis Oírr. Beidh an post seo ag tosnú go luath i 2016. Is féidir an fhoirm iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoin bpost in oifigí an chomharchumainn. Is é an spriocdháta le iarratas a dhéanamh ar an bpost ná **23 Deireadh Fómhair 2015**.

Eolas Ó Fhochoistí/ghrúpaí eile

Seirbhísí Sláinte Oileánda

Beidh ionadaithe ón ngrúpa athbhreithnithe sna seirbhísí sláinte oileánda ag teacht amach go dtí an oileán tús mí na Samhna. Beidh siad ag cuartú tuairimí faoi na seirbhísí sláinte ó dhaoine aonaracha nó ó ghrúpaí éagsúla. Má tá tú ag iarraidh bualadh leis na hionadaithe nó moltaí a chuir i scríbhinn is féidir leat d'ainm nó litir a fhágáil in oifig an chomharchumainn.

Banc na hÉireann

Beidh Banc na hÉireann in oifigí an chomharchumainn **Dé Máirt 27 Deireadh Fómhair** óna **10.00-1.00** agus **2.00-3.00**.

Bréagáin & Ábhar Eile

Beidh Ceardlann Oscailte ar uaschúrsáil *upcycling* ar siúl le Emma Gallagher i dTeach Bhríd **Dé Sathairn 17 Deireadh Fómhair** ó **9.30-12.00** agus ó **1.00-3.30**. Cláraigh anois! Teil: 085-1699145. Beidh costas €10 an séisiún i gceist.



Comhar na nOileán

Straitéis Forbartha Áitiúil don Chlár

LEADER 2016-2020

Tá an chéad dréacht don Straitéis don Chlár Forbartha Áitiúil curtha i dtoll a chéile le LCDC Chontae na Gaillimhe, An Comhairle Contae, Comhlacht Forbartha Tuaithe na Gaillimhe agus le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Clúdaíonn sé seo an Contae ar fad agus san áireamh anseo tá Ceantar Bhardas Chonamara ar a n-áirítear na hOileáin agus Gaeltacht na Gaillimhe.

Tá Comhar na nOileán ag déanamh éilimh ar an gclár a sheachadadh ar na hOileáin mar a rinne siad mar Chomhdháil Oileáin na hÉireann riamh anall ó 1994 agus i nGaeltacht na Gaillimhe ó 2012.

Tá Comhar na nOileán i dteagmháil rialta leis na Comharchumainn agus na Coistí Aitiúla Pobail, fud fad oileán na hÉireann, lena chinntiú go bhfuil tosaíochta na nOileán agus na Gaeltachta chun tosaigh sa gClár nua. Chun aon eolas breise a fháil glaoigh ar Phríomh-Oifig Comhar na nOileán in Inis Oírr ag 099 75096.

Cumann Iascairí Inis Oírr

Is féidir le iascairí nó lucht farraige clárú don Cumann Acmhainní Mara Oileáin na hÉireann (*Irish Islands Marine Resource Organisation*) in oifigí an chomharchumainn. Tá sé tábhachtach clárú leis an gcumann IIMRO chun níos mó cumhachta a thabhairt do iascairí beaga oileánda. www.iimro.org

Áras Éanna 8.00 i.n

Déardaoín 22 Deireadh Fómhair

Taispeántas don fiseán *I mBéal na Stoirme* faoi iascairí oileánda Dhún na nGall agus na fadhbanna móra a chuaigh siad i ngleic leo.